

Léiritheoir Comhlach/Riarthóir Compántais

CÚLRA

Bhunaigh Michael Keegan-Dolan (Mícheál Mac Aodhagáin-Ó Dobhailen) **Teac Dańsa** sa bhliain 2016 mar shlí chun ceangal níos doimhne a dhéanamh le traidisiúin, teanga agus ceol na hÉireann. Léiríonn an t-ainm Teac Dańsa aistear leanúnach Mhíchíl chun saothair rince agus drámaíochta a chruthú go bhfuil a n-áit dúchais – an áit as a dtagann siad – le brath go soiléir orthu.

Is é *Swan Lake / Loch na hEala* an chéad léiriúchán ó Teac Dańsa, ag cur leis an dtraidisiún de léiriúcháin cheannródaíochta as a bhfuil cáil bainte amach ag Mícheál. Bhuaigh sé Duais Amharclannaíochta Irish Times 2017 don Léiriúchán Nua is Fearr agus an UK Critics' Circle National Dance Award for Best Production 2018.

Tá camchuartheanna tugtha ag *Loch na hEala/Swan Lake* in Éirinn, An Danmhairg, Sasana, An Ghearmáin, An Fhrainc, An tSualainn, An Spáinn, Singeapór, Lucsamburg, An Rúis, An Chóiré Theas, Ceanada, SAM, An Astráil agus an Nua Shéalainn. Le linn 2019 beidh sé ag taisteal go dtí An Astráil Thiar agus Meiriceá Thuaidh, ag taisteal go Nua Eabhrac, LA, Minnesota, Michigan, North Carolina agus Ottawa i gCeanada.

Thuill Mícheál cáil ar dtús agus é ina stiúrthóir ealaíne ar Fabulous Beast Dance Theatre (1997-2015), ag cruthú trí léiriúchán a bhain ainmniúchán amach do Dhuais Olivier: *Giselle* (2003), *The Bull* (2005), and *The Rite of Spring* (2009). Sa bhliain 2004 bhuaigh *Giselle* Duais Amharclannaíochta Irish Times, agus bhain *The Bull* Duais Náisiúnta Rince amach ón UK Critic's Circle sa bhliain 2008. Bhuaigh *Rian*, a chruthaíodh i 2011, Duais Bessie (New York Dance and Performance Award) sa bhliain 2013 don léiriúchán is fearr.

Sa bhliain 2012 bhí sé ina stiúrthóir agus cóiréagrafaí ar léiriúchán nua de *Julius Caesar* le Handel ar son English National Opera ag an London Coliseum. I 2015 chruthaigh sé píosa nuachumtha, *The Big Noise*, don GoteborgOperans DansKompani, ag comhoibriú go dlúth leis an gceoltóir cáiliúil Nordach Ale Moller. Agus é ina Aoi-Stiúrthóir Ealaíne ag Compántas Náisiúnta Rince na nÓg ag Sadler's Wells London do shéasúr 2015 – 2016, chruthaigh Mícheál *In-Nocentes*. Sa bhliain 2017 chruthaigh sé saothar nua le ceol 8ú Siansa Dvořak don gCompántas Rince ag an Gärtnerplatztheater, Munich.

Anuas ar an méid sin, tá taithí fhada aige mar mhúinteoir agus tá ceardlanna tugtha aige le compántais éagsúla timpeall an domhain, Compántas Hofesh Schechter, Cedar Lake Ballet agus Ballet Junior de Geneva ina measc. Bhí Mícheál ina ealaíontóir comhlach ag an Barbican Centre, Londain agus tá sé anois ina chomhlach ag Sadler's Wells London.

Bhog an compántas go Corca Dhuibhne sa bhliain 2016. Mar chuid den atheagrú seo tá Teac Dańsa ag cruthú baile bhuan nua dó féin i lár taobh tíre ionspráideach na leithinse sin. Tá bord stiúrtha nua neartaithe aige agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar an eagraíocht, le hathstruchtúrú ar an bhfoireann ina chuid de.

AN RÓL NUA

Ar an mbonn sin táimid anois ag féachaint chun duine nua a earcú d'ár bhfoireann. Tá na príomhfhreagrachtaí agus cúraimí aitheanta againn, ach tuigimid nach dócha go n-aimseimid duine amháin a bhfuil idir na scileanna ar fad agus an cumas riachtanach acu chun gach ceann acu seo a chomhlíonadh.

An rud is tábhachtaí dúinne, ámh, ná an duine ceart a aimsiú – duine a bhainfidh sult as an dúshlán a bhaineann le bheith ina chuid d'fhoireann bheag fhuinniúil agus as an deis chun ár n-aisling a fhíorú.

Faoi láthair, is iad baill an chompántais ná Stiúrthóir Ealaíne lánaimseartha (Michael Keegan-Dolan), Léiritheoir lánaimseartha (Johnny O'Reilly), Bainisteoir Léirithe páirtaimseartha (Peter Jordan) agus Riarthóir Compántais lánaimseartha. Beidh an chéad trí chinn de na rólanna seo á gcoimeád, ach ag tiomnú cuid dá bhfreagrachtaí chun a chur ar a gcumas díriú isteach ar fhíorú ár bpleananna don todhcháil.

Ar an mbonn sin táimid ag cruthú róil nua – Léiritheoir Comhlach. Beidh dualgaisí deireanacha an róil seo á

gcur in oiriúint do bhuanna ar leith agus do theist is taithí an duine is fearr ar a gcuirfidimid agallamh. Is dóigh linn, dá bhrí sin, go dtiocfaidh am amach anseo nuair a bheidh daoine sa bhreis ag teastáil uainn, bíodh sin ar bhonn comhairleach, rólanna páirtaimseartha, nó ar shlí éigin eile.

FREAGRACHTAÍ GEINEARÁLTA AN RÓIL

Is é feidhm an ról seo ná tacaíocht riaracháin agus eagrúcháin a chur ar fail don Stiúrthóir Ealaíne agus an Léiritheoir, agus – ag an am céanna – eagrú a dhéanamh ar ár n-oifig agus ár mbunáit bhaile, ag cinntiú go ritheann na réimsí riaracháin, airgeadais agus eile den chompántas ar shlí ghairmiúil, réidh.

FREAGRACHTAÍ AR LEITH

Riarachán Airgeadais

- Taifid airgeadais an chompántais a choimeád suas chun dáta, ag coimeád fianaise de gach idirbheart airgeadais a bhaineann le hábhar – airgead le díol isteach agus amach, agus mionairgead.
- Cuntais mhíosúla bainistíochta a dhéanamh ag teacht le cur chuige an chompántais, le cabhair ón Léiritheoir agus Cuntasóirí an chompántais.
- Gach sonrasc a ullmhú le faomhadh agus díol in am cuí.
- Sonrasc a chur amach de réir treoir an Léiritheora agus an Stiúrthóra Ealaíne.
- Súil a choimeád ar iarmhéid bainc agus cárta creidmheasa ar bhonn leanúnach.
- Dul i gcomhairle le comhlacht chuntasaíochta an chompántais.

Bainistíocht Oifige agus Bhaile Nua

- Bainistíocht a dhéanamh ar thóraíocht áitribh i gceantar Chorca Dhuibhne agus tacaíocht riaracháin a sholáthar le linn plé leis na gníomhaireachtaí a bhaineann leis an bpróiseas seo.
- Eagrú ar athchóiriú agus gach ullmhúchán eile is gá a dhéanamh roimh bogadh isteach san áitreabh nua.
- Cinntiú go mbeidh an eagrais ag feidhmiú go réidh tar éis bogadh isteach san áitreabh nua, ag réiteach cúrsaí timpeall ar chothabháil, glantachán, fearas agus árachas.

Léiriú

- Eagrú a dhéanamh ar réamhphleanáil, ullmhúcháin phraiticiúla agus riaracháin a dhéanamh i gcomhair léirithe in Éirinn agus camchuariteanna thar lear, ag teacht le treoir an Léiritheora agus an Stiúrthóra. Ina measc siúd beidh:
 - Eitiltí agus lóistín a chur in áirithe agus sonraí futhu seo a chur chuig na daoine ábhartha.
 - Víosáí a eagrú dóibh siúd atá ag taisteal.
 - Bainistíocht a dhéanamh ar chúrsaí airgid ar nós airgid thirim i gcomhair cúlchnaipeanna.
 - Cumarsáid a dhéanamh go rialta leo siúd atá páirteach i léiriúcháin/taisteal chun cinntiú go gcoimeádfar iad ar an eolas faoi gach socrú, agus chun a gcuid ceisteanna a fhreagairt.
- Riarachán a dhéanamh ar árachas sláinte agus taistil don gcompántas camchuarite ar gach cuid dá gcamchuarite (anuas ar aire a thabhairt d'árachas bliantúil i gcomhair dliteanas poiblí, sealúchas, srl.).

Margaíocht

- Ról gníomhach a ghlacadh ag cruthú ábhar margaíochta d'ardchaighdeán do na meáin, ag teacht le treoir an Léiritheora agus an Stiúrthóra.
- Ábhair mhargaíochta a eagrú don gcompántas – ag obair le dearthóirí, clódóirí agus daoine eile chun a chinntiú go mbeidh an ábhar de chaighdeán ard agus go mbíonn sé ullamh in am trátha ag teacht le treoir deartha.
- Cinntiú go bhfaigheann na hionaid ar fad gach ábhar margaíochta ábhartha do léiriúcháin an chompántais. Mar chuid den chúram seo beidh:
 - Nótaí beathaisnéise agus grianghrafanna ceadaithe a chur go dtí na hionaid.
 - Prófaíl a dhéanamh ar chlár chun a chinntiú go leanfar faisnéis/formáid faofa.

Rialachas

- Eagrú a dhéanamh ar na socraithe praiticiúla agus riaracháin i gcomhair cruinnithe boird an chompántais – ag cur eolas faoi na socruithe agus ábhar cuí amach in am trátha.
- Bheith i láthair ag na cruinnithe úd agus mionsonraí a ghlacadh orthu.
- Deighleáil le teacht isteach bliantúil agus cúrsaí riaracháin eile leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Teicneolaíocht Faisnéise

- Cinntigh go gcoimeádfar an suíomh idirlín suas chun data, ag déanamh athruithe ar ábhar ar-líne, ag teacht le treoir an Léiritheora agus an Stiúrthóra.
- Cúrsaí TF ar fad a láimhseáil don gcompántas, ag socrú conraí tacaíochta le soláthraithe ciantacaíochta agus a leithéid.

Cúraimí Eile

- Tacaíocht Chúntóra Phearsanta a chur ar fail don Stiúrthóir Ealaíne agus an Léiritheoir.
- Aon obair réasúnta eile a iarrfar ort a dhéanamh.

TRÉITHE AN DUINE ATÁ Á LORG

Beidh an té a cheapfar ina duine a bhainfeadh sult as an deis chun rud spleodrach, urnua a chruthú. Beidh gá go mbeidh dúil acu sa saghas saothair a chruthaíonn an compántas agus sa tslí ina oibríonn sé mar chompántas ar aon. Beidh gá go dtaitheoidh an dúshlán a bhaineann le rud nua a dearadh agus a cheapadh, agus lena fhorbairt thar tréimhse ama.

- Beidh ar a laghad trí bliana taithí acu i ról ábhartha, sna taibhealaíona is fearr.
- Beidh siad go maith ag obair mar chuid d'fhoireann, go minic faoi bhrú, agus ag láimhseáil réimse de chúraimí éagsúla lucht na foirne.
- Beidh meon réamhghníomhach acu dírithe ar an sprioc a bhaint amach ar ais nó ar éigin, ag glacadh tús áite chun spriocanna straitéiseacha an chompántais a bhaint amach.
- Beidh siad slachtmhar críochnúil ó thaobh a gcuid oibre, le hard ar leith ar mhionsonraí.
- Bainfidh siad sult as réimse leathan freagrachtaí agus cúraimí, toilteanach glacadh le hobair leadaránach i dteannta obair níos spéisiúla an chompántais.
- Beidh siad cumasach ó thaobh bainistíocht a dhéanamh ar a gcuid ama féin agus a ualach oibre i dtimpeallacht oibre a bhíonn idir sealanna fíorghnóthacha agus sealanna ciúine ag baint leis.
- Beidh siad compórdach ag obair ar a aonair chomh maith le mar chuid d'fhoireann.
- Beidh ceadúnas tiomána iomlán acu.

Beidh an té a cheapfar ina chónaí i gCorca Dhuibhne nó sásta bogadh ann. Mura bhfuil Gaeilge mhaith acu beidh orthu a bheith toilteanach í a fhoghlam. Is fostóir comhdheiseanna sinn.

Tuarastail agus Sochair le plé

**Cuir d'iarratas agus do CV go dtí Johnny O'Reilly (johnny@teacdamsa.com)
Spriocdáta iarratas, Luan 28 Eanáir ag 5in.**